Is éard is **Bíodh do Chearta Leasa ar Eolas agat** ann ná Pacáiste Acmhainne atá curtha le chéile chun cuidiú le daoine agus grúpaí éagsúla a bhíonn ag déileáil le riachtanais chearta leasa daoine a dífhostaíodh le déanaí nó atá le dífhostú. Baineann an pacáiste go háirithe le:

- Soláthróirí Eolais ar Chearta Leasa in eagraíochtaí atá cleamhnaithe leis an INOU
- Soláthróirí Eolais in Ionaid eile Acmhainne
- Maoir Cheardchumainn
- Ceardchumainn
- Fostóirí

Tá súil againn go measfaidh daoine/dreamanna a oibríonn agus a cuidíonn le daoine dífhostaithe an Pacáiste Acmhainne bheith tairbheach agus cuimsitheach. Priontáladh an Pacáiste Acmhainne an chéad lá riamh i mí Márta 2005 agus tá sé tugtha cothrom le dáta ó shin chun athruithe éagsúla, cosúil le hathruithe buiséid, a ghlacadh san áireamh. Bhí an t-aiseolas a fuarthas ó chomhpháirtithe, ó mhaoir cheardchumainn agus ó fhostóirí i dtaca leis an bPacáiste Acmhainne deiridh an-dearfach. Tá súil againn, ach an t-eolas tábhachtach cuí a chur ar fáil ar bhealach soiléir agus cuimsitheach, go mbeidh an Pacáiste ina acmhainn úsáideach do chomhpháirtithe an INOU agus d'eagraíochtaí eile faoi mar a bhí go dtí seo. Tá líon nach beag bileog eolais ar chearta leasa, *Bíodh do Chearta Leasa ar Eolas agat*, priontáilte againn, bileoga atá dírithe orthusan a dhífhostaítear. Déan teagmháil linn má theastaíonn tuilleadh bileog uait. Is mór againn aiseolas a fháil i dtaca lenár bhfoilseacháin agus lenár seirbhísí. Má bhíonn aon tuairimí nó moltaí agat, bheimís buíoch díot ach iad a chur in iúl dúinn.

### Is éard atá sa Phacáiste seo:

- Treoir thagartha mhionsonraithe ina bhfuil eolas ar Chúnamh Dífhostaíochta agus Sochar Dífhostaíochta, Bheith ar Thóir Oibre i nDáiríre, Rátaí Íoca, Creidmheasanna agus Sochair Thánaisteacha
- Spleáchthreoir a dhéanann cur síos ar na critéir do theidlíocht i leith Sochar Tánaisteach do dhaoine atá dífhostaithe
- Cairt bhalla a leagann amach an t-eolas i dtaca le cearta leasa a chaitheann a bheith ar eolas ag duine nuair a dhífhostaítear é/í
- Bileog(a) do dhaoine a dífhostaíodh le déanaí a leagann amach an príomheolas a bhíonn de dhíth orthu i dtaca le cearta leasa.